2024/1740

24.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1740 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Meitheamh 2024

lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na módúlachtaí le haghaidh tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara eile chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi tháirgí a bhféadfadh riosca do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a bheith ag baint leo agus le haghaidh tharchur na faisnéise sin chuig na húdaráis náisiúnta lena mbaineann

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 34(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/988, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht do tomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile an Coimisiún a chur ar an eolas faoi tháirgí a bhféadfadh riosca do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a bheith ag baint leo trí roinn ar leithligh den Tairseach Safety Gate.

(2) Na módúlachtaí le haghaidh sheoladh na faisnéise ag tomhaltóirí, chomh maith leis na módúlachtaí le haghaidh tharchur na faisnéise sin chuig na húdaráis náisiúnta lena mbaineann, ba cheart iad a bheith mar chuid den sásra faisnéise atá le sonrú ag an gCoimisiún. Beidh an sásra sin ann i gcomhthráth le sásraí ar leibhéal náisiúnta lena gcuirtear ar a gcumas do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile gearáin a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil, go háirithe gearáin maidir le sábháilteacht táirgí, mar a leagtar amach in Airteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2023/988. Leis na sásraí sin ar fad, ba cheart tarchur na faisnéise ó thomhaltóirí agus ó pháirtithe leasmhara eile chuig na húdaráis a éascú agus ba cheart cuidiú leis na húdaráis saincheisteanna sábháilteachta táirgí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint.

(3) Ba cheart don Choimisiún an Tairseach Safety Gate a dhearadh ar bhealach a seachnófar bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá shlándáil theicniúil nó mí-úsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as, nó ar bhealach a ndéanfar iad a íoslaghdú. Ba cheart do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile an córas sin a úsáid chun iad féin a shainaithint nuair atá faisnéis á seoladh chuig an gCoimisiún acu maidir le táirgí a bhféadfadh riosca do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a bheith ag baint leo agus nuair atá stádas a ngearáin á seiceáil acu.

(4) Féadfaidh tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara eile faisnéis a sheoladh chuig an gCoimisiún maidir le táirgí a bhféadfadh riosca do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a bheith ag baint leo fiú amháin mura bhfuil an táirge lena mbaineann ceannaithe acu ach má tá an táirge sin úsáidte acu gan a bheith ina n-úinéirí air mar shampla nó má tá an táirge lena mbaineann faighte acu mar bhronntanas. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh nach mbeadh an tomhaltóir nó an páirtí leasmhar eile a bhfuil an fhaisnéis sin á thuairisciú acu in ann faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir leis an táirge nó lena shlabhra soláthair.

([1]) IO L 135, 23.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/988/oj.

(5) Ba cheart an fhaisnéis a chuireann tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara eile isteach tríd an Tairseach Safety Gate a bheith chomh hiomlán agus is féidir ionas go mbeidh na húdaráis náisiúnta ábhartha in ann obair leantach a dhéanamh go héifeachtach maidir leis an bhfaisnéis sin. Leis an bhfaisnéis a chuirtear isteach, ba cheart a bheith in ann an táirge a shainaithint agus, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil do thomhaltóirí nó do pháirtithe leasmhara eile, a shlabhra soláthair a shainaithint. Áirítear leis sin, go háirithe, an t-oibreoir eacnamaíoch nó soláthraí an mhargaidh ar líne trína bhfuil an táirge ceannaithe acu agus, i gcás nach bhfuil, an duine atá freagrach as an táirge, faoi Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2023/988 nó Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Ba cheart a chumhdach sa sainaitheantas a sholáthraítear na rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo freisin. Chun a bheith in ann obair leantach iomchuí a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis a seoladh, ba cheart don tomhaltóir nó don pháirtí leasmhar eile a chur in iúl cén Ballstát ina bhfuil cónaí orthu nó cén Ballstát ina bhfuil siad lonnaithe, más é go bhfuil an Ballstát ina bhfuil siad lonnaithe níos áisiúla don tomhaltóir nó don pháirtí leasmhar eile chun críoch na hoibre leantaí, mar shampla a mhéid a bhaineann leis an teanga chumarsáide, i gcás inarb infheidhme.

(6) Chun cruinneas agus ábharthacht na faisnéise ó thomhaltóirí agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le táirgí a bhféadfadh riosca do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a bheith ag baint leo a fhíorú, ba cheart don Choimisiún an roinn shonrach den Tairseach Safety Gate ina gcuirtear an fhaisnéis isteach a dhearadh ar bhealach a gcumasófar réamhscagadh. Ba cheart a áirithiú leis an scagadh sin go gcoinnítear faisnéis a bhaineann le saincheisteanna sábháilteachta táirgí amháin, agus nach gcoinnítear, mar shampla, faisnéis atá nasctha le mífheidhmiú táirgí, nach bhfuil aon cheist sábháilteachta ag baint leis. Ba cheart an scagadh sin a uathoibriú, chun a áirithiú gur féidir an fíorú a dhéanamh go tapa agus dá bhrí sin, go bhféadfaí na cásanna a ardaíonn saincheisteanna sábháilteachta a sheoladh chuig na húdaráis náisiúnta ábhartha go pras. Leis an gcóras sin, ba cheart údaráis náisiúnta a chumasú dul i ngleic go héifeachtúil le táirgí a bhféadfadh riosca do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a bheith ag baint leo.

(7) A luaithe atá an scagadh uathoibrithe sin déanta, ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis a tharchur chuig na Ballstáit ábhartha, agus a áirithiú go bhfuil rochtain ag na Ballstáit uile ar an bhfaisnéis sa chóras. Chun obair leantach iomchuí na mBallstát ábhartha a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis a chur chuig na Ballstáit sin ina bhfuil cónaí ar an tomhaltóir nó ar an bpáirtí leasmhar eile a bhfuil an fhaisnéis sin curtha isteach aige, nó ina bhfuil sé lonnaithe, agus, i gcás inarb infheidhme, an Ballstát inar ceannaíodh an táirge, chomh maith leis an mBallstát ina bhfuil an duine atá freagrach as an táirge bunaithe, faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 nó Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2023/988 nó ina bhfuil soláthraí ábhartha an mhargaidh ar líne bunaithe. Ba cheart an córas a dhearadh ar bhealach a ndéanfaidh sé cásanna a tharchur ina bhfuil riosca do shláinte agus sábháilteacht thomhaltóirí na mBallstát sin ag baint le táirge, chun an obair leantach iomchuí a áirithiú. Oireann an bealach sin chun faisnéis a sheoladh chuig na Ballstáit ábhartha don chleachtas reatha faoi chóras na Tairsí Gnó um Shábháilteacht trína gcuireann gnólachtaí údaráis ar an eolas maidir le saincheisteanna sábháilteachta táirgí. Leis an bhfaisnéis a chur faoi bhráid na mBallstát ábhartha, níor cheart cosc a chur ar Bhallstáit eile rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin agus obair leantach a dhéanamh uirthi freisin.

(8) Ba cheart don Choimisiún na sonraí a chuireann na tomhaltóirí nó na páirtithe leasmhara eile ar fáil a phróiseáil i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. Tá aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo faoi réir Rialacháin (AE) 2016/679 ([3]) agus (AE) 2018/1725 ([4]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de réir mar is infheidhme. I gcás ina dtuairiscíonn tomhaltóirí táirge sa Tairseach Safety Gate, níor cheart a stóráil ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach chun an táirge contúirteach a thuairisciú agus ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis sonraí den sórt sin a iontráil.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim an 26 Márta 2024.

([2]) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1020/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

(10) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna le Rialachán (AE) 2023/988.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste le haghaidh an Rialacháin maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a bunaíodh faoi Airteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2023/988,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An fhaisnéis atá le cur isteach ag tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara eile

1. Déanfaidh an Coimisiún an Tairseach Safety Gate a dhearadh chun go mbeidh tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara eile in ann an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le táirgí a bhféadfadh riosca do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a bheith ag baint leo agus chun an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil:

(a) eilimintí lena sainaithnítear an táirge a bhféadfadh riosca do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a bheith ag baint leo;

(b) sonraí atá ar fáil maidir le slabhra soláthair an táirge lena mbaineann, go háirithe an t-oibreoir eacnamaíoch nó soláthraí an mhargaidh ar líne trína bhfuil an táirge ceannaithe acu agus an tír ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch nó soláthraí an mhargaidh ar líne sin bunaithe, agus an duine atá freagrach as an táirge, faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 nó Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2023/988, i gcás inarb infheidhme;

(c) eilimintí lena dtacaítear leis an riosca amhrasta do shláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a ghabhann leis an táirge, lena n-áirítear i gcás inarb ábhartha tuairisc ar an timpiste agus dálaí na timpiste agus tuairisc ar na gortaithe nó ar aon dochar eile a tharla;

(d) an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu nó an Ballstát ina bhfuil siad lonnaithe;

(e) a n-ainm agus sonraí teagmhála;

(f) aon fhaisnéis maidir le teagmhálacha díreacha a bhí ag an tomhaltóir nó ag an bpáirtí leasmhar eile le hoibreoir eacnamaíoch ábhartha nó soláthraí margaidh ar líne.

2. Déanfaidh an Coimisiún an Tairseach Safety Gate a dhearadh ar bhealach a seachnófar bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá shlándáil theicniúil nó mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as, nó ar bhealach a ndéanfar iad a íoslaghdú.

Airteagal 2

Fíorú chruinneas agus ábharthacht na faisnéise a cuireadh isteach

Déanfaidh an Coimisiún roinn thiomnaithe den Tairseach Safety Gate a dhearadh ar bhealach a n-áiritheofar, tar éis an fhaisnéis a fháil a cuireadh isteach de bhun Airteagal 1(1) tríd an Tairseach Safety Gate, go ndéantar an fhaisnéis a scagadh tríd an Tairseach ar bhealach uathoibrithe chun fíorú an mbaineann an fhaisnéis a chuir tomhaltóir nó páirtí leasmhar eile isteach le saincheist sábháilteachta táirgí.

Airteagal 3

Tarchur na faisnéise ón gCoimisiún chuig an mBallstát nó na Ballstáit ábhartha

1. Más amhlaidh de réir an fhíoraithe a rinneadh de bhun Airteagal 2 go mbaineann an fhaisnéis a chuir an tomhaltóir nó an páirtí leasmhar eile ar fáil le saincheist sábháilteachta táirgí, ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a tharchur gan moill mhíchuí chuig an mBallstát nó na Ballstáit seo a leanas:

(a) an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an tomhaltóir nó ar an bpáirtí leasmhar eile a bhfuil an fhaisnéis curtha isteach aige, nó ina bhfuil sé lonnaithe, de réir mar is infheidhme;

(b) an Ballstát inar ceannaíodh an táirge, de réir mar is infheidhme;

(c) an Ballstát ina bhfuil an duine atá freagrach as an táirge, faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 nó Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2023/988 bunaithe nó soláthraí an mhargaidh ar líne, de réir mar is infheidhme.

2. Cuirfidh an Coimisiún an tomhaltóir nó an páirtí leasmhar eile ar an eolas faoina ghníomh agus, i gcás inarb infheidhme, faoin mBallstát nó faoi na Ballstáit ar tharchuir sé an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 chuige nó chucu.

3. Déanfaidh an Coimisiún an Tairseach Safety Gate a dhearadh chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na Ballstáit eile ar fad ar an bhfaisnéis a chuir an tomhaltóir nó an páirtí leasmhar eile isteach an tráth a dhéantar an fhaisnéis a tharchur chuig an mBallstát nó na Ballstáit ábhartha i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 4

Coinneáil sonraí

Déanfar na sonraí pearsanta a chuirfidh an tomhaltóir nó an páirtí leasmhar eile ar fáil a stóráil sa Tairseach Safety Gate agus sna córais náisiúnta ar feadh tréimhse nach faide ná mar atá riachtanach chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí ar na cásanna. Ar aon chuma, déanfar na sonraí a stóráil ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis a n-iontrála.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 13 Nollaig 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN